



**SOCRÚ OIBRE IDIR AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE ('OLAF')  
AGUS GNÍOMHAIREACTH AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR  
CEARTAIS CHOIRIÚIL ('EUROJUST')**

# SOCRÚ OIBRE IDIR AN OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE ('OLAF') AGUS GNÍOMHAIREACTH AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL ('EUROJUST')

## Brollach

Tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (dá ngairtear 'OIPE' anseo feasta) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (dá ngairtear 'Eurojust' anseo feasta), dá ngairtear 'na Páirtithe' le chéile,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 85 agus Airteagal 325 de,

Ag féachaint do Chinneadh 1999/352/CE ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999<sup>1</sup> arna leasú lena mbunaítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, agus go háirithe sainordú OLAF chun imscrúduithe riaracháin a dhéanamh arb é is aidhm dóibh calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013<sup>2</sup> maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, dá ngairtear 'Rialachán OLAF' anseo feasta, agus go háirithe Airteagal 13 agus 16 de, mar bhonn le comhar le Eurojust,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a thagann in ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, dá ngairtear "Rialachán Eurojust" anseo feasta, agus go háirithe Airteagal 2(1), 3(6), 47 agus 51 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018<sup>3</sup> maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2018/1962 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2018<sup>4</sup> lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag OLAF,

Ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta maidir le próiseáil agus cosaint sonraí pearsanta ag

---

<sup>1</sup> IO L 136, 31.5.1999, lch. 20-22.

<sup>2</sup> IO L 248, 18.9.2013, lch. 1-22, arna mhodhnú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, IO L 437, 28.12.2020, lch. 49.

<sup>3</sup> IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

<sup>4</sup> IO L 315, 12.12.2018, lch. 41.

Eurojust arna gceadú ag an gComhairle trí Chinneadh (AE) 2019/2250 an 19 Nollaig 2019 a Chur Chun Feidhme agus arna nglacadh ag an gColáiste an 20 Nollaig 2019,

De bhrí go bhfuil sé chun leasa choitinn na bPáirtithe feabhas a chur ar a gcomhar, d'fhonn an comhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint,

De bhrí gur cheart an Socrú reatha a chur in ionad an Chomhaontaithe Phraiticiúil maidir le socrúithe comhair idir Eurojust agus OLAF an 24 Meán Fómhair 2008 (2008/C314/02),

De bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach bhfuil an Danmhairg faoi cheangal ag Rialachán Eurojust ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## **CAIBIDIL I**

### **FORÁLACHA GINEARÁLTA**

#### **Airteagal 1**

##### **Cuspóir an chomhair**

1. Bunaítear leis an Socrú Oibre seo (dá ngairtear 'Socrú' anseo feasta) an creat le haghaidh comhair idir na Páirtithe, lena n-áirítear malartú faisnéise agus sonraí pearsanta.
2. Is é is aidhm don chomhar idir na Páirtithe feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe nó aon chiona choiriúil nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.
3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus lánurraim á tabhairt dá gcreataí dlíthiúla faoi seach. I ndáil leis sin, ní chruthaítear leis an Socrú seo aon chearta ná oibleagáidí breise faoin Dlí Eorpach agus tá sé gan dochar do na forálacha lena rialaítear sainorduithe OLAF agus Eurojust.

#### **Airteagal 2**

##### **Sainmhínithe**

Chun críche an tSocráithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- a] Ciallaíonn 'Ballstát' Ballstát den Aontas Eorpach a ghlacann páirt i Rialachán Eurojust agus i Rialachán OLAF;
- b] Ciallaíonn 'sealbhóir poist' aon duine atá ag obair do cheann de na Páirtithe agus, go háirithe, comhaltaí náisiúnta Eurojust, ionadaithe agus cúntóirí, ionadaí na Danmhairge ag Eurojust, Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh tríú tíortha ag Eurojust, an fhoireann,

saineolaithe náisiúnta ar iasacht, idirthréimhsí, conraitheoirí agus oiliúnaithe;

- c] Ciallaíonn ‘foireann ar bith atá fostaithe ag ceann de na Páirtithe faoi réir Rialacháin Foirne Oifigigh agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;
- d] Ciallaíonn ‘ionchúisitheoir idirchaidrimh’ (agus a chúntóirí nó a cúntóirí) duine atá ar iasacht ó thrú tír chuig Eurojust ar bhonn comhaontú comhair a tugadh i gcrích idir Eurojust agus an tríú tír sin roimh an 12 Nollaig 2019; nó ar bhonn socrú oibre idir Eurojust agus tríú tír faoi Airteagal 47(1) de Rialachán Eurojust;
- e] Tuigfear ‘sonraí pearsanta’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3 (1) de Rialachán 2018/1725.

### **Airteagal 3** **Raon feidhme an chomhair**

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i gcúrsaí institiúideacha, straitéiseacha agus oibríochtúla. Bainfidh an comhar mar a bhunaítear sa Socrú seo leis na réimsí ábhartha laistigh de shainorduithe na bPáirtithe faoi seach, lena n-áirítear calaois, éilliú, sciúradh airgid, coireacht chomhshaoil, coireacht maoinne intleachtúla nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile laistigh de raon feidhme shainorduithe reatha na bPáirtithe nó na sainorduithe a bheidh acu amach anseo.
2. Comhoibreoidh na Páirtithe freisin i gcásanna nach ndéanann difear ach d’aon Bhallstát amháin ach a bhfuil iarmhairtí acu ar leibhéal an Aontais agus ar iarr údarás inniúil Ballstáit nó OLAF cúnaimh ina leith ó Eurojust.
3. Féadfar na cuspóirí sonracha idir na Páirtithe a chomhaontú i bplean gníomhaíochta bliantúil nó ilbhliantúil ina dtabharfar aird chuí ar na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil do na Páirtithe.
4. Ní bheidh feidhm ag an Socrú seo maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF i dtaca le sealbhóirí poist Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán OLAF, Airteagal 75(1) de Rialachán Eurojust agus Cinneadh 2020-03 ón gColáiste an 15 Iúil 2020 maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh imscrúduithe inmheánacha ag Eurojust i ndáil le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna an Aontais a chosc.

## **CAIBIDIL II**

### **COMHAR INSTITIÚIDEACH AGUS STRAITÉISEACH**

#### **Airteagal 4** **Foirne idirchaidrimh**

1. Bunóidh gach Páirtí foireann idirchaidrimh. Ainmneoidh gach Páirtí comhaltaí a fhoirne idirchaidrimh agus cuirfidh an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn.
2. Gníomhóidh comhalta de gach foireann idirchaidrimh mar phointe teagmhála agus

déanfaidh sé comhar idir na Páirtithe a chomhordú. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh pointí teagmhála *ad hoc* a cheapadh le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha comhair.

3. Tíocfaidh foirne idirchaidrimh le chéile uair sa bhliain ar a laghad, go fisiciúil nó go leictreonach, chun ábhair leasa choitinn a phlé agus a chomhordú agus chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil an tSocráithe seo. Glacfaidh na Páirtithe a seal mar chathaoirleach ar chruinnithe na bhfoirne idirchaidrimh.
4. Ullmhóidh na foirne idirchaidrimh na cruinnithe ardleibhéil dá dtagraítear in Airteagal 5 den Socrú seo agus na measúnuithe ar chur chun feidhme an tSocráithe seo i gcomhréir le hAirteagal 20 de.

### **Airteagal 5 Cruinnithe ardleibhéil**

1. Tíocfaidh Ard-Stiúrthóir na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise agus Uachtarán Eurojust arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, chun saincheisteanna comhleasa a phlé agus chun comhaontú ar threoracha straitéiseacha chun an comhoibriú a fheabhsú.
2. Mura gcomhaontaítear a mhalairt, rachaidh na Páirtithe i mbun na gcruinnithe a eagrú. Tionólfar cruinnithe in áitreabh an Pháirtí eagrúcháin nó, mura bhfuil sé sin indéanta, ar áitreabh trí mheán leictreonach.

### **Airteagal 6 Cineálacha comhair straitéisigh**

1. Féadfaidh na Páirtithe faisnéis de chineál straitéiseach a mhalartú, amhail treochtaí agus dúshláin, tuarascálacha, ceachtanna a foghlaimíodh agus tuairimí agus torthaí eile a bhaineann lena ngníomhaíochtaí faoi seach, a d'fhéadfadh tacú lena gcuid oibre.
2. Féadfaidh na Páirtithe comhoibriú maidir le seimineáir, ceardlanna agus comhdhálacha, lena n-áirítear trína chéile a chur ar an eolas agus cuireadh a thabhairt dá chéile chuig gníomhaíochtaí den sórt sin, nó trí chomhghníomhaíochtaí leasa choitinn a eagrú.

### **Airteagal 7 Malartú tuairimí leis na hInstitiúidí**

Féadfaidh Ard-Stiúrthóir OLAF cuireadh a thabhairt do Eurojust freastal ar an malartú tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán OLAF ar bhonn *ad hoc*, go háirithe i gcás ina mbaineann siad le saincheisteanna cothrománacha agus sistémacha a thagann chun cinn san obair leantach ar thuarascálacha deiridh OLAF ar imscrúduithe.

### **Airteagal 8 Comhar maidir le sealbhóirí post**

1. Féadfaidh na Páirtithe comhoibriú i réimse na hoiliúna gairmiúla, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí comhphárteacha a eagrú sa réimse seo.

2. Féadfaidh na Páirtithe clár malairte a bhunú dá sealbhóirí post.
3. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú ionadaí a thabhairt ar iasacht don Pháirtí eile. Comhaontóidh na Páirtithe na cúraimí, na cearta agus na hoibleagáidí, na seirbhísí, na costais agus mionsonraí eile cur chun feidhme i gComhshocraíocht ar leith.

## **CAIBIDIL III**

### **COMHAR OIBRÍOCHTÚIL**

#### **Airteagal 9 Cineálacha comhair oibríochtúil**

Féadfar an méid seo a leanas a áireamh sa chomhar oibríochtúil idir na Páirtithe:

- a) Cibé cúnaimh frithpháirteach agus comhairle a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do na Páirtithe chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach;
- b) Comhar i gcásanna oibríochtúla, go háirithe faoi chuimsiú cruinnithe comhordúcháin, lárionaid chomhordúcháin agus cruinnithe oibríochtúla eile;
- c) Rannpháirtíocht i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna);
- d) Tacaíocht maidir le moltaí breithiúnacha OLAF, lena n-áirítear tarchur agus obair leantach ina leith;
- e) Comhar faoi chuimsiú chásanna féintionscnaimh Eurojust;
- f) Tarchur faisnéise oibríochtúla lena n-áirítear sonraí pearsanta go spontáineach nó arna iarraidh sin;
- g) Leas a bhaint as caidreamh seanbhunaithe an Pháirtí eile leis an Danmhairg, le tréimh tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta trí leas a bhaint as líonra pointí teagmhála faoi seach ar choinníoll go gcomhaontaíonn na pointí teagmhála aonair.

#### **Airteagal 10 Cruinnithe oibríochtúla**

Aon uair a bheidh Páirtí páirteach i gcruinniú oibríochtúil a bhaineann le cás atá faoi imscrúdú i mBallstát amháin nó níos mó, cuirfidh sé na húdaráis náisiúnta lena mbaineann ar an eolas faoin mbreisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Pháirtí eile, agus cuirfidh sé rannpháirtíocht an Pháirtí eile sna cruinnithe oibríochtúla sin chun cinn.

## **Airteagal 11**

### **Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú**

1. Má bhíonn Eurojust nó OLAF rannpháirteach in JIT arna chur ar bun ag na Ballstáit agus a thagann faoi raon feidhme an tSocraithe seo, cuirfidh an Páirtí, i gcás inarb iomchuí, an Páirtí eile ar an eolas agus molfaidh sé do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar iarraidh ar an bPáirtí eile páirt a ghlacadh in JIT.
2. Féadfaidh OLAF iarraidh ar Eurojust iarraidh ar údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann JIT a bhunú i gcásanna ina ndéileáiltear le gníomhaíocht neamhdhleathach laistigh de shainordú OLAF. I gcás den sórt sin, féadfaidh OLAF na húdaráis inniúla ábhartha a spreagadh chun teacht ar chomhaontú maidir le JIT a chur ar bun.

## **Airteagal 12**

### **Moltaí breithiúnacha**

1. Maidir lena mholtaí breithiúnacha, féadfaidh OLAF cúnamh Eurojust a lorg, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - a) Ról a thabhairt do Eurojust chun soiléirithe agus comhairle a chur ar fáil maidir le rialacha náisiúnta maidir le reachtanna teorann, inghlacthacht fianaise agus breithnithe ábhartha eile;
  - b) Cúnamh Eurojust a iarraidh maidir leis na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a shainaithint;
  - c) Feabhas a chur ar an obair leantach bhreithiúnach.
2. Déanfaidh OLAF faisnéis ábhartha a bhaineann le haon mholadh breithiúnach a tharchuirfear chuig údaráis inniúla Ballstáit amháin nó níos mó a tharchur chuig Eurojust.

## **Airteagal 13**

### **Faisnéis oibríochtúil a mhalartú**

1. Ní fhéadfar aon mhalartú ná aistriú faisnéise oibríochtúla, lena n-áirítear sonraí pearsanta, idir na Páirtithe a dhéanamh ach amháin chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 1 den Socrú seo agus i gcomhréir le creataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.
2. I bprionsabal, déanfar faisnéis oibríochtúil a mhalartú idir an comhalta/na comhaltaí náisiúnta nó a chomhaltaí ionaid de bhun Rialachán Eurojust agus imscrúdaitheoirí/Cinn Aonaid OLAF lena mbaineann cás nithiúil. A mhéid is gá chun an comhalta náisiúnta inniúil nó a ionadaí nó a hionadaigh a shainaithint de bhun Rialachán Eurojust, féadfar réamhmalartuithe faisnéise oibríochtúla a dhéanamh idir pointí teagmhála oibríochtúla ainmnithe gach Páirtí.
3. Féadfaidh na Páirtithe faisnéis oibríochtúil a mhalartú, go spontáineach nó arna iarraidh sin dóibh. Aon Pháirtí a iarrfaidh faisnéis oibríochtúil, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile maidir leis an gcuspóir dá n-iarrtar an fhaisnéis. I gcás faisnéis a aistriú go spontáineach, tabharfaidh an Páirtí a sholáthróidh an fhaisnéis fógra don Pháirtí eile maidir leis an gcuspóir dá soláthraítear an fhaisnéis chomh maith le haon srianta is infheidhme maidir le húsáid na faisnéise sin.

4. I gcás ina bhféadfaidh sé sin tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh agus an comhordú agus an comhar sin a neartú, nó i gcás inar chuir OLAF faisnéis ar aghaidh chuig údaráis inniúla na mBallstát lena dtugtar forais amhrais go bhfuil calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile ann a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i bhfoirm coireachta tromchúisí, tarchuirfidh OLAF faisnéis ábhartha chuig Eurojust, laistigh de shainordú Eurojust.
5. Nuair a mheaitseálann faisnéis oibríochtúil arna tarchur ag Páirtí amháin faisnéis arna próiseáil ag an bPáirtí eile, cuirfidh an Páirtí is faighteoir in iúl gurb ann don mheaitseáil. Iarrfaidh an Páirtí is faighteoir, nuair is gá, toiliú sholáthraí na faisnéise a thionscnaíonn an mheaitseáil chun go mbeidh sé in ann an fhaisnéis oibríochtúil a tharchur chuig an bPáirtí eile.
6. Féachfaidh na Páirtithe lena chéile a choinneáil ar an eolas faoi aon obair leantach a dhéanfar maidir leis an bhfaisnéis oibríochtúil a mhalartaítear, lena n-áirítear cinntí chun cás sonrach a dhúnadh nó gan é a shaothrú.

#### **Airteagal 14**

#### **Bealaí cumarsáide**

Déanfar faisnéis oibríochtúil a mhalartú idir na Páirtithe trí bhealaí slána agus trí mhodhanna cumarsáide agus úsáid á baint as bearta slándála úrscothacha iomchuí mar chriptiú, amhail bosca poist an Chórais Faisnéise Frith-Chalaoise, agus imthosca sonracha an cháis á gcur san áireamh.

### **CAIBIDIL IV**

#### **COSAINT SONRAÍ**

#### **Airteagal 15**

#### **Forálacha ginearálta**

1. Beidh aon mhalartú agus tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta de réir agus bunaithe ar chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.
2. Coinneoidh na Páirtithe taifead ar tharchur agus ar fháil sonraí a chuirtear in iúl faoin Socrú seo, lena n-áirítear na forais le haghaidh tarchur den sórt sin.
3. Ní fhéadfar catagóirí speisialta sonraí a liostaítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 a mhalartú ach amháin má cheadaítear sin le creat dlíthiúil na bPáirtithe faoi seach agus ar choinníoll go bhfuil siad fíor-riachtanach agus comhréireach chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 1 den Socrú seo. Déanfaidh na Páirtithe bearta teicniúla agus eagraíochtúla ábhartha i gcomhréir le hógaitheacht na sonraí sin.
4. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile sula ndéanfaidh siad aon chinneadh maidir le hiarraidh duine aonair ar rochtain, ceartú, srianadh nó léirscriosadh sonraí pearsanta a próiseáladh i gcomhthéacs an tSocráithe seo chun a áirithiú go ndéanfar aon chúiseanna le srianta arna n-ardú ag an bPáirtí eile a bhreithniú mar is ceart. Maidir le Eurojust, ba cheart



dó a chinntiú, nuair is iomchuí, go gcuirtear san áireamh dearcadh na n-údarás náisiúnta a chuir na sonraí pearsanta ar fáil do Eurojust i dtosach. Cuirfear an cinneadh críochnaitheach in iúl don Pháirtí tarchuir ina dhiaidh sin.

5. I gcás ina mbeidh cúiseanna ag Páirtí lena chreidiúint go bhfuil sonraí pearsanta a tharchuir siad roimhe sin mícheart, míchruinn, as dáta nó nár cheart iad a bheith tarchurtha, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Pháirtí eile, a cheartóidh nó a scriosfaidh na sonraí pearsanta, agus a chreat dlíthiúil á chur san áireamh aige, agus tabharfaidh sé fógra ina leith sin.
6. I gcás ina mbeidh cúiseanna ag Páirtí a chreidiúint go bhfuil sonraí pearsanta a fuarthas roimhe sin ón bPáirtí eile mícheart, míchruinn, as dáta nó nár cheart iad a bheith tarchurtha, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Pháirtí eile agus soláthróidh an Páirtí sin a sheasamh ar an ábhar.
7. Áiríteoidh na Páirtithe go mbeidh na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a fhaightear faoin Socrú seo a chosaint ar scriosadh, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a tharchuirtear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach. I gcás ina ndearnadh difear do shonraí a tharchuirtear faoin Socrú seo mar gheall ar shárú i ndáil le sonraí a tharla ag an bPáirtí is faighteoir, cuirfidh an Páirtí is faighteoir an Páirtí is seoltóir ar an eolas, i gcás inarb iomchuí, faoin sárú chomh maith leis na bearta maolaitheacha a rinneadh.

## **Airteagal 16**

### **Teorainneacha ama maidir le sonraí pearsanta a stóráil**

Ní stórálfar sonraí pearsanta a thuilleadh is gá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh na sonraí nó a ndearnadh tuilleadh próiseála orthu i gcomhréir le hAirteagal 1 den Socrú seo agus le creat dlíthiúil na bPáirtithe faoi seach. Coinníonn gach Páirtí na sonraí a fhaightear i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil faoi seach agus lena dtréimhsí coinneála comhfhreagracha.

## **CAIBIDIL V**

### **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

## **Airteagal 17**

### **Rochtain ar dhoiciméid**

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile sula ndéanfaidh siad aon chinneadh maidir le hiarraidh ó dhuine maidir le rochtain ar dhoiciméid a fuair ceachtar de na Páirtithe ón bPáirtí eile ar bhonn an tSocraithe seo.
2. Beidh spriocdháta le haghaidh freagra ag an údar Páirtí a ndeachthas i gcomhairle leis a chuirfidh ar chumas an Pháirtí eile a spriocdhátaí féin a chomhlíonadh le haghaidh freagarta, ach nach bhfuil níos giorra ná cúig lá oibre. Cheal freagra ón údar Páirtí roimh an

spriocdháta forordaithe, rachaidh an Páirtí a iarradh rochtain a dheonú ar dhoiciméad de thionscnamh an Pháirtí eile ar aghaidh de réir a rialacha féin maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, agus leas dlisteanach an údair Pháirtí á chur san áireamh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil.

3. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo nuair a bheidh an doiciméad nochtta cheana féin ag an bPáirtí nó nuair a bheidh sé tar éis comhaontú i scríbhinn leis an doiciméad sin a nochtadh.

### **Airteagal 18** **Cumarsáid leis na meáin**

Déanfar cumarsáid leis na meáin maidir le hoibríochtaí a raibh an dá Pháirtí páirteach iontu i gcomhaontú idir na Páirtithe agus, i gcás inar gá, údaráis na mBallstát, na Danmhairge nó na dtríú tíortha lena mbaineann.

### **Airteagal 9** **Speansais**

Seasfaidh na Páirtithe a gcostais féin a thiocfaidh chun cinn le linn an Socrú seo a chur chun feidhme, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

### **Airteagal 20** **Measúnú ar chur chun feidhme**

Déanfaidh na Páirtithe measúnú comhpháirteach ar chur chun feidhme an tSocráithe seo gach dara bliain.

### **Airteagal 21** **Réiteach díospóidí**

Aon díospóid a eascróidh as léirmhíniú nó cur chun feidhme an tSocráithe seo, socrófar í trí chaibidlíocht idir na Páirtithe.

### **Airteagal 22** **Leasuithe**

1. Féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile dul i mbun caibidlíochta chun an Socrú seo a leasú.
2. Féadfaidh na Páirtithe an Socrú seo a leasú de chomhthoil i bhfoirm scríofa tráth ar bith.
3. Tiocfaidh aon leasú i bhfeidhm an lá tar éis an dáta a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil a gceanglais inmheánacha curtha i gcrích acu.

## **Airteagal 23**

### **Foirceannadh**

1. Féadfaidh ceachtar Páirtí an Socrú seo a fhoirceannadh i scríbhinn le fógra trí mhí. Cuirfear an Coimisiún Eorpach, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi fhoirceannadh an tSocraithe.
2. I gcás foirceannadh, áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar próiseáil dhleathach ar an bhfaisnéis uile a malartaíodh cheana féin go dtí deireadh na dtréimhsí coinneála faoi seach agus i ndáil leis na forálacha cosanta sonraí uile is infheidhme.
3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, leanfaidh éifeachtaí dlíthiúla gníomhartha agus cinntí arna ndéanamh ar bhonn an tSocraithe seo d'fheidhm a bheith acu.

## **Airteagal 24**

### **Aisghairm**

Déantar leis seo an Comhaontú Praiticiúil maidir le socruithe le haghaidh comhair ar thug na Páirtithe i gcrích é an 24 Meán Fómhair 2008 a ionadú agus a aisghairm.

## **Airteagal 25**

### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Socrú seo i bhfeidhm an lá tar éis don Pháirtí deiridh é a shíniú.

Arna dhéanamh sa Háig an 29 Márta 2023, i ndúblach sa Bhéarla.

Thar ceann Eurojust

Thar ceann OLAF

---

**Ladislav HAMRAN**  
Uachtarán Eurojust

---

**Ville ITÄLÄ**  
Ard-Stiúrthóir OLAF

Arna dhéanamh sa Háig,  
an 29 Márta 2023

Arna dhéanamh sa Háig  
An 29 Márta 2023